



Rialacha an Chluiche Pillars of the sea



Rialacha an Chluiche: Pillars of the Sea



Leis na mílte bliain, ba fhoinsé beatha, mistéire agus deiseanna gan teorainn iad na haigéin. Nascann siad cultúir, cothaíonn siad geilleagair, agus tacaíonn siad le líonra iontach de chréatúir mhara. Ach inniu, tá cothromaíocht na mara i mbaol. Leanann athrú aeráide, truailliú, ró-iascaireacht agus scriosadh gnáthóg de bheith ag bagairt ar a n-éiceachórais leochaileacha.

In Pillars of the Sea, glacann na himreoirí ról carachtair a bhraitheann ar an aigéan agus a chosnaíonn é—eolaithe, iascairí, lucht déanta beartas, gníomhaithe agus pobail chósta. Bíonn a dhúshlán féin ag gach carachtar, ach roinneann siad go léir sprioc choiteann: réitigh a aimsiú d'fhonn bithéagsúlacht mhuirí a chosaint.

Is féidir le gach cinneadh an cothromaíocht a chlaonadh—an éireoidh le d'fhoireann an dúshlán a shárú agus cothromaíocht na mara a choinneáil? Cuimhnigh: bíonn iarmhairtí ag gach rogha agus ní mór do na himreoirí oibriú le chéile chun todhchaí inbhuanaithe a chruthú.

Cé atá in ann imirt?

Líon imreoirí: 3 go 6

Aois: 12+

Ní gá aon eolas ar eolaíocht mhuirí ná mhuirthimpeallachta a bheith agat. Foghlaim agus tú ag imirt!



Comhpháirteanna an Chluiche



1 chlár –
Coinnigh
súil ar staid
na gceithre
cholún i rith
an chluiche,
agus
comhlánaigh é
le píosaí
mearaí.



5 phaca
de 3
Chárta
Casadh
Taolide – I
bhfolach i
measc na
gCártaí
Tóraíocht-
a, cuireann siad
iontas leis an
gcluiche!

13 Chárta
Carachtair
– Déanann
gach cárta
cur síos ar
charachtar
a bhfuil
cumas


speisialta cluiche aige, ar a shlí
bheatha, ar an rud atá tábhachtach
dó, agus ar na dúshláin a bhíonn
roimhe ina chuid oibre.



10 bPíosa Mearaí – Bailítear iad tar éis
cinntí a dhéanamh ó na Cártaí Tóraíochta.
Tá dhá cheann ar fáil do gach muir, ag
teacht le dathanna chúl na gCártaí
Tóraíochta agus an chlár.




5 phaca de 5 Chárta Tóraíochta – paca
amháin do gach abhantrach mhara, ag teacht
le dathanna na bpíosaí mearaí agus an chlár.
Cuireann gach cárta cás i láthair a bhfuil trí
chinneadh fhéideartha ann.



1 lámhleabhar
– Féach ar an
lámhleabhar
seo chun
torthaí na
gcinntí a
rinneadh ó na
Cártaí
Tóraíochta a
fháil amach. Tá
gluais ann freisin.

Fichillíní – Ní chuirtear fichillín ar bith ar
fáil. Bain úsáid as rud ar bith atá agat,
ar nós mirlíní réidhe, púróga, sliogáin nó
déan réaltaí páipéir origami.



Do sprioc


Is cluiche é Pillars of the Sea ina n-oibríonn na himreoirí mar fhoireann, agus buann nó cailleann siad go léir le chéile. Teastaíonn triúr go seisear imreoirí chun an cluiche a imirt.

Tá ceithre cholún ríthábhachtach chun cothromaíocht na n-aigéan a aisghabháil:

	Bithéagsúlacht: éagsúlacht na beatha san aigéan, ó iasc agus sliogéisc go feamainn agus planctón
	Geilleagar: an chaoi a n-úsáideann an tsochaí acmhainní an aigéin chun rachmas a chruthú
	Cothroime shóisialta: rochtain chóir chothrom ar acmhainní an aigéin do chách
	Sláinte: tionchar athruithe san aigéan ar shláinte an duine

Bíonn cásanna éagsúla os comhair na foirne a chlúdaíonn mara na hEorpa go léir, agus beidh ar na himreoirí cinneadh a dhéanamh le chéile faoin gcaoi ar mian leo dul i ngleic leis na dúshláin seo. Le gach cinneadh, gnóthóidh nó caillfidh an fhoireann pointí ar na ceithre cholún atá ar taispeáint ar an gclár. Bí cúramach: má thiteann colún go dtí a náid, cailleann an fhoireann.

Gach uair a dhéanann an fhoireann cinneadh, gnóthaítear píosa mearaí agus cuirtear ar imeall an chláir é chun ciorcal a dhéanamh. Tá deich bpíosa mearaí le bailiú, dhá cheann in aghaidh na mara. Comhlánaigh an mhearraí agus na colúin go léir os cionn náid á gcoinneáil agat chun an cluiche a bhuachan agus ár n-aigéin a shábháil.



Seachain na hiontais! I ngach paca Cártaí Tóraíochta, tá roinnt Cártaí Casadh Taoide i bhfolach a bhfuil teagmhas iontu atá lasmuigh de smacht na foirne. Nuair a phiocann imreoir Cárta Casadh Taoide, ní dhéantar aon chinneadh: bogann an fhoireann na pointí suas nó síos ar na colúin agus téann sí ar aghaidh go dtí an chéad chasadh eile.

Conas imirt?

- 1** Cuireann an fhoireann ceithre fhichillín ar an gclár, ceann amháin i lár gach colúin.



- 2** Suaith gach paca Cátaí Tóraíochta, agus déan cinnte go bhfuil na Cátaí Casadh Taoide measctha isteach. Cuir gach paca ar an mbord amach ón gclár. Déan cinnte iad a chur síos agus an cúl in airde.

- 3** Déan cinnte go bhfuil na píosaí mearaí faoi do láimh.



- 4** Roghnaíonn gach imreoir Cáta Carachtair. Tá cumas speisialta ag gach carachtar a d'fhéadfadh cúrsa an chluiche a athrú, mar sin roghnaigh go críonna! Léann na himreoirí a gcárta os ard don chuid eile den fhoireann, agus cuireann siad a gcárta ina sheasamh os a gcomhair.

- 5** Má chaithfear cumhacht speisialta ceann de na carachtair a úsáid sula dtosaíonn an cluiche, úsáid ag an gcéim seo í.

Faoi chumais



speisialta: Ní féidir cuid de na cumais a úsáid ach uair amháin, agus bíonn cinn eile baili don chluiche ar fad, mar sin léigh an cárta go cúramach. Is féidir le gach imreoir cumas speisialta a charachtair a úsáid ag am ar bith i rith an chluiche agus an chothromaíocht a chlaonadh... fiú mura é seal an imreora Cáta Tóraíochta a imirt! Smaoinigh mar fhoireann!

6 Tosaíonn an t-imreoir is óige trí Chárta Tóraíochta a tharraingt ón bpaca is rogha leo. Cuireann an Cárta Tóraíochta cás i láthair a bhfuil trí chinneadh fhéideartha ann. Pléann an fhoireann an cás, ach is é an t-imreoir a bhfuil an seal aige a dhéanann an cinneadh. Níl aon fhreagra ceart ná mícheart ann, ach beidh tionchar ag gach rogha a dhéanann an fhoireann.




An bhfuair tú focal aibhsithe


ar Chárta Tóraíochta? Tá sainmhíniú ar fáil sa lámhleabhar, ar eagla go mbeadh sé ag teastáil ón bhfoireann.

7 Nuair a dhéantar an cinneadh, seiceáil na torthaí sa lámhleabhar (tá an uimhir leathanaigh

chomhfhreagrach scríofa ar an gCárta Tóraíochta) agus bog na fichillíní suas nó síos ar na colúin de réir na dtreoracha. Tóg am chun na torthaí a léamh os ard don fhoireann: d'fhéadfadh sé sin cabhrú leis na babhtáí eile.



8 Tógann an t-imreoir píosa mearaí den dath céanna leis an gCárta Tóraíochta, agus cuireann sé ar imeall an chláir é san áit a bhfuil an dath ag teacht le chéile.




9

Leanann an cluiche ar aghaidh i dtreo deiseal, agus piocann an chéad imreoir eile


Cárta Tóraíochta ón bpaca is rogha leo agus leanann ar aghaidh mar atá i bpointe 6 thuas.

- 10** Má phiocann imreoir Cárta Casadh Taoide, bogann an fhoireann na fichillíní suas nó síos ar na colúin de réir na dtreoracha. Ní ghnóthaíonn an fhoireann píosa mearaí.



- 11** Nuair a bheidh an dá phársa mearaí ón muir chéanna bailithe ag an bhfoireann, tá cead fós ag na himreoirí Cártaí Tóraíochta a phiocadh ón bpaca comhfhreagrach más mian leo, ach ní ghnóthóidh siad píosaí mearaí eile.

Críochnaíonn an cluiche nuair a bhuann an fhoireann trí an mhearaí a chomhlánú, nó nuair a chailleann sí trí cholún a thabhairt go 0.



Leibhéal deacrachta

Seo roinnt roghanna eile chun beocht a chur sa scéal:

- Ag tús an chluiche, in ionad na fichillíní a chur i lár gach colúin, cuir 1 nó 2 phointe níos gaire don bhun iad. Bíonn baol níos airde ann go dtitfidh na colúin go 0.
- In ionad na Cártaí Tóraíochta a ghrúpáil de réir mara, measc le chéile go léir iad. Beidh ar na himreoirí an cárta ar bharr an phaca a phiocadh is cuma cén mhuir a sheasann sé di. Fadaíonn sé seo an cluiche mar beidh an fhoireann ag brath ar an ádh chun Cárta Tóraíochta a fháil a fhreagraíonn don mhuir a bhfuil píosa mearaí uathu di.



Forbraíodh an cluiche seo mar chuid de thionscadal Mr.Goodfish3.0 a maoiníodh faoi chlár taighde agus nuálaíochta an Aontais Eorpaigh, Horizon Europe, agus faoi Mhisean an AE "Restore our Oceans & Waters" a bhfuil sé mar aidhm aige sláinte aigéin agus fionnuisí na hEorpa a chosaint agus a athbhunú trí thaighde agus nuálaíocht, rannpháirtíocht na saoránach agus infheistíochtaí sa gheilleagar gorm, le sprioc do 2030.

Tá an cluiche mar chuid d'fheachtas múscailte feasachta Mr.Goodfish3.0 le haghaidh tomhaltas freagrach táirgí mara, fionnuisce agus dobharshaothraithe. Molfaidh ár bhfeachtas ábhair eile chun feasacht a mhúscailt

i measc saoránach, daoine óga, leanaí agus gairmithe bia mara.

Go háirithe, nuashonróimid an aip Mr.Goodfish atá ann cheana le moltaí nua maidir le speicis bhia mara ó gach cearn den Eoraip chun tomhaltas níos cothroime agus níos freagraí de tháirgí na mara a spreagadh.

➔ Ar mhaith leat a bheith páirteach san fheachtas? Déan teagmháil le bainisteoir cumarsáide ár dtionscadail, Clara Boissenin ag cboissenin@ecsite.eu

➔ Faigh tuilleadh eolais ag www.mrgoodfish.com

Ceadúnas: CC-BY-SA



Arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach. Mar sin féin, is leis an údar/na húdair amháin na tuairimí agus na dearcthaí a léirítear anseo agus ní gá go léiríonn siad tuairimí an Aontais Eorpaigh ná na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Aeráid, Bonneagar agus Comhshaoil (CINEA). Ní féidir an tAontas Eorpach ná an t-údarás deontais a chur freagrach astu.



PART OF THE

EU MISSIONS

RESTORE OUR OCEAN & WATERS

Funded by
the European Union

